Stáisiún: Cluiche Bacainne – Greillí

(Féach Lámhleabhar lch.33-35)

Cluiche do bheirt imreoir. Úsáid an clár cluiche greille 3 x 3 agus dhá thacar de bhloic thréithe nó cruthanna 2-D chun an cluiche bacainne seo a imirt. Cuir bacainn idir na himreoirí. Leagann imreoir amháin ceann dá bhloic ar spás ar an ngreille, tugann cur síos ar an mbloc agus ar an áit ina bhfuil sé lonnaithe d'imreoir 2. Caithfidh imreoir 2 ansin iarracht a dhéanamh an bloc céanna a leagan san áit sin ar a ghreille féin. Leantar leis an imirt go mbíonn na bloic go léir leagtha. Is féidir an bhacainn a ardú ansin agus an dá chlár cluiche a chur i gcomparáid chun na torthaí a sheiceáil.



Snáithe:	Cruth & Spás
Snáithaonad:	Feasacht ar Spásúlacht, Cruthanna 2-T
Coincheapa:	An foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé a fhorbairt agus a úsáid (suíomh agus treo). Cruthanna 2-T a shórtáil, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a ainmniú. Leibhéil A.1, A.2.
Scil:	Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir i bhfeidhm, Tuiscint & Tabhairt chun cuimhne

Stáisiún: Cruthanna 3-D a Thógáil

(Féach Lámhleabhar lch.105-106)

Úsáid polydron, taos súgartha agus blu-tack & bioranna fiacla chun do rogha polaihéadráin a thógáil. Déan iarracht cnámharlach a thógáil (blu-tack & bioranna fiacla), múnlaí soladacha (taos súgartha) agus cuasacha (polydron) de do chruth.

Cad iad na hairíonna sna cruthanna 3-D a dtarraingíonn na hábhair dhifriúla aird orthu? An raibh airíonna ar leith a raibh ort díriú orthu agus tú ag obair le gach cineál samhla? Cén tsamhail ab éasca duit oibriú léi? Cén fáth?
Cuir na samhla i gcomparáid lena chéile. Cén ionannas/difríocht atá eatarthu?
An féidir leat líon na n-aghaidheanna/reanna/uillinneacha i do chruth a aithint? Cén tsamhail is fearr a léiríonn gach ceann de na hairíonna seo?

Snáithe:	Cruth & Spás
Snáithaonad:	Cruthanna 3-T
Coincheapa:	Cur síos ar chruthanna 3-T, iad a iniúchadh , a aithint agus a rangú trína gcur i gcomparáid le chéile. Cruthanna 3-T a thógáil. Leibhéil B.2, C.1, C.3, D.1
Scil:	Cur i bhfeidhm & réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir i bhfeidhm, Tuiscint & Tabhairt chun cuimhne

Stáisiún: Uillinneacha á nAimsiú trí úsáid Anglegs & Geo-stiallacha

(Féach Lámhleabhar lch.131)

Úsáid Geo-stiallacha nó Anglegs don ghníomhaíocht seo.

Céard atá ar eolas agat faoi dhronuillinneacha? Bain úsáid as Geo-stiallacha nó Anglegs chun dronuillinn a dhéanamh. Cuir d'uillinn i gcomparáid le huillinn do pháirtnéara .Cé na cosúlachtaí/difríochtaí atá eatarthu? Déan iarracht anois uillinn a dhéanamh atá níos lú ná dronuillinn. Cuir d'uillinn i gcomparáid le huillinn do pháirtnéara. An bhfuil an téarma ag aon duine a úsáidimid chun cur síos ar uillinn atá níos lú ná dronuillinn? Cad is brí le 'géar'? An bhfuil fhios ag aon duine céard a thugaimid ar an bpointe áit a dtagann dhá lámh ár n-uillinneacha le chéile (Rinn). Taispeáin rinn d'uillinne do do pháirtnéir. Anois déan iarracht do Anglegs/Geo-stiallacha a chasadh timpeall chun uillinn atá níos mó ná dronuillinn a chruthú? Cuir d'uillinn i gcomparáid le huillinn do pháirtnéara. Cad a thugaimid ar uillinneacha atá níos mó ná dronuillinn? Anois cuir na téarmaí 'dronuillinn', 'géaruillinn' agus 'maoluillinn' isteach id dhialann Mata. Déan iarracht brí na dtéarmaí seo a mhíniú agus tarraing sampla de gach ceann acu bunaithe ar na huillinneacha a chruthaigh tú le d' Anglegs nó Geo-stiallacha.

Snáithe:	Cruth & Spás
Snáithaonad:	Uillinneacha
Coincheapa:	Uillinneacha sa timpeallacht a iniúchadh agus a aithint. Uillinneacha a rangú mar níos mó ná, níos lú ná nó cothrom le dronuillinn. Uillinn a aithint i dtéarmaí rothlúcháin. Leibhéil B.7, C.8, C.9
Scil:	Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid& Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir I bhfeidhm, Tuiscint & Tabhairt chun cuimhne

Stáisiún: Uillinneacha mar Chúinní á bhFiosrú (Féach Lámhleabhar lch.90)

Fill an páipéar le ceithre dhronuillinn a chruthú. Is féidir dronuillinn a dhéanamh anois. Léiríonn péire de na cruthanna fillte le chéile go gcruthaíonn dhá dhronuillinn líne dhíreach. Cruthaíonn ceithre cinn fite lena chéile ciorcal iomlán. Is féidir an dronuillinn sa dara pictiúr a úsáid chun na cúinní ar chruthanna éagsúla a aimsítear sa timpeallacht a 'thomhas'.



An féidir leat aon chúinní sa timpeallacht a aithint? Cad a thugann tú faoi deara faoi na cúinní seo? Cad atá ar eolas agat faoi 'uillinneacha'? An dtabharfá uillinneacha ar aon cheann de na cúinní a d'aimsigh tú? Cén fáth? Déan iarracht do phíosa páipéir a fhilleadh go cothrománach ar dtús agus ansin go hingearach. Nuair a osclaíonn tú é, cé mhéad uillinneacha a aimsíonn tú ina lár? Cén cineál uillinneacha iad? An bhfuil siad go léir ar aon mhéad? Marcáil dronuillinn ar do pháipéar. Cén cineál uillinne a dhéanfadh dhá dhronuillinn? Cad a thugann tú faoi deara faoi cheithre dhronuillinn? An bhféadfaimis ár bpáipéar fillte a úsáid leis na huillinneacha ar dóigh linn gur dronuillinneacha iad a thomhas. Léirigh dúinn cén chaoi.



Snáithe:	Cruth & Spás
Snáithaonad:	Uillinneacha
Coincheapa:	Uillinneacha sa timpeallacht a iniúchadh agus a ithint. Uillinneacha a rangú mar níos mó, níos lú nó cothrom le dronuillinn. Leibhéil B.7, C.8
Scil:	Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir i bhfeidhm, Tuiscint & Tabhairt chun cuimhne

Stáisiún: Líonta de Chruthanna3-D

(Féach Lámhleabhar p.142)

Agus tú ag obair le páirtnéir bain úsáid as Polydron chun ciúb a chruthú. Nuair a bhaineann tú an ciúb as a chéile, déantar líon den chiúb. Breac síos ar an bpáipéar cearnaithe i do leabhrán na líonta éagsúla de chiúb a aimsíonn tú. Cuir do líonta i gcomparáid le líonta do pháirtnéara.

Cén píosaí Polydron a d'úsáid tú chun do chiúb a dhéanamh? Déan cur síos ar a gcruth. Cén chaoi a ndéanfá cur síos ar aghaidheanna ciúib?
Cé mhéad píosaí polydron a theastaigh leis an gciúb a dhéanamh?
Nuair a bhain tú an ciúb as a chéile cén chuma a bhí air? Léirigh an líon sin dom ar do pháipéar cearnaithe.
Cén difear a bhí idir an líon sin agus líon do pháirtnéara? Cé mhéad líonta difriúla ciúib a d'aimsigh tú?

Fairsingiú: Má tá tú críochnaithe, tóg páipéar cearnaithe do pháirtnéara agus seiceáil go bhfuil a líonta ceart. Conas a dhéanfá é seo?

Snáithe:	Cruth & Spás
Snáithaonad:	Cruthanna3-D
Coincheapa:	Líontáin de chruthanna simplí 3-T a tharraingt agus na cruthanna a thógáil. Leibhéil C.3, D.2
Scil:	Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir I bhfeidhm, Tuiscint & Tabhairt chun cuimhne

Stáisiún: Sórtáil Cruthanna 3-D

(Féach Lámhleabhar p.38-39)

Gníomhaíocht do ghrúpa daltaí. Úsáid coirníní snáithithe nó tacar cruthanna 3-D (tráchtála nó ábhair choitianta). Is é an tasc ná bealaí éagsúla chun na hearraí a shórtáil a aithint, agus béim ar leith ar airíonna cruthanna 3-D. Tugann an múinteoir nod dá smaointeoireacht mhatamaitice trí cheisteanna a chur.

Cen chaoi a bhfuil said mar a chéile?
Cén fáth go mbaineann siad lena chéile?
Cén chaoi go bhfuil siad difriúil?
Cén fáth nach mbaineann siad lena chéile?
Roghnaigh tú cruth a bhfuil aghaidheanna cothroma aige; an féidir leat teach tar cheann eile a bhfuil aghaidheanna cothroma aige?
Ar aimsigh tú aon chruthanna eile a rollann/nach rollann?



Snáithe:	Cruth & Spás, Gníomhaíochtaí Mata Luath
Snáithaonad:	Cruthanna 3-D, Rangú
Coincheapa:	Sórtáil, cur síos, ainmnigh agus rangaigh cruthanna 3-D. Leibhéil A.2, B.2, C.1
Scil:	Cur i bhfeidhm & réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Feidhmiú, Tuiscint & Tabhairt chun cuimhne